

Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,

Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach

Fógraí na Seachtaine 3 - 9 Deireadh Fómhair 2026

Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 3 Deireadh Fómhair ar a 7.30in

Intinn: Tadhg Ó Gairbhí, Guaire, Co. Loch Garman, ó Bhaile an Lochaigh ó dhúchas, a fuair bás níos túisce sa bhliain agus Muintir Uí Ghairbhí agus Muintir Uí Mhuircheartaigh, atá ar shlí na firinne.

Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 4 Deireadh Fómhair ar a 11.00rn
(Aifreann Beo ar Raidió na Gaeltachta)

Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 11 Deireadh Fómhair ar a 9.00rn

Intinn: Séamus Ó Maoileoin, Com Dhineoil, C.B.

Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 11 Deireadh Fómhair ar a 10.00rn

- Intinn:**
1. Nell agus Seán Ó Cinnéide, Ard na Caithne, C.B.
 2. Séamus Ruiséal, Baile an Éanaigh agus Corcaigh, C.B.

Guí an Phobail

Kathleen Kennedy (née Casserly), Baile na nGall, a fuair bás le déanaí.

Seán Óg Ó Riada, Cúil Aodha, a fuair bás le déanaí.

Tadhg de Staic, Corcaigh, a fuair bás le déanaí.

Peigí Feirtéar, Ard na Caithne, 1ú C.B.

Pádraig agus Máirín Bric, An Riasc, C.B.

Caroline Byrne Brennan, Cill Uird agus Mainistir Fhear Maí, 1ú C.B.

Seán Máirtín, Cill Chuáin agus Baile Átha Claith, C.B.

John Williams, Baile Átha Cliath agus Baile an Fheirtéaraigh.

Ar dualgas do
Limistéar
Tréadach Chorca
Dhuibhne an
Domhnach seo –
An tAthair Eoghan
Ó Cadhla
087-6951318

**Ranganna Oíche
sa Phobalscoil,**
gach eolas
087-7951743 nó
sf@pcd07.ie.



Aifrinntí i rith na seachtaine

Séipéal Naomh Uinseann

Dé Luain 7.00in, Déardaoin 9.30rn

Séipéal na Carraige

Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine 7.00in

Beidh beannú peataí i gcarrollós Shéipéal Naomh Uinseann, an Domhnach seo, 4 Deireadh Fómhair, ar a 12.30in, má bhíonn an aimsir oiriúnach.

Beidh Searmanas Cuimhneacháin sa tséipéal in Ospidéal na hOllscoile, Trá Lí, **Dé Domhnaigh, 11 Deireadh Fómhair, ar a 2.30in**, do thuismitheoirí a chaill leanbh. Fáilte leis roimh an gclann. Beidh sólaistí ar fáil i ndiaidh an tsearmanais.

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna

Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh á gcur amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.

Mí na Misean Arlíne

Mar chuid do mhí na Misean beidh caint dár teideal 'Aon le Críost, Aontaithe sa Mhisean' á thabhairt ag an Athair Michael Kelly, Stiúrthóir Missio na hÉireann agus Miriam Hanlon a d'oibrigh go deonach in Oirthear na hAifric, Déardaoin, 15 Deireadh Fómhair ar a 7.30in.


Clárú: www.dioceseofkerry.ie

Ministreacht na hÓige

Tá nuachtlitir maidir le Ministreacht na hÓige sa deoise foilsithe anois. Tugann an nuachtlitir seo léargas dúinn ar na rudaí atá ar siúl a bhaineann le daoine óga sa deoise. Gach eolas ar www.dioceseofkerry.ie faoi Youth Ministry.

Mí na Corónach

Sa traidisiún tugtar Mí na Corónach ar Mhí Dheireadh Fómhair. Bhí an-dheabhóid ag muintir na hÉireann don gCoróin Mhuire. '**Abair an Choróin gach lá ar son na síochána**' (Teachtaireacht Mhuire Fatima 1917). Tá treoracha le fáil chun an Choróin a rá leis na leanaí ar <https://www.teachingcatholickids.com/the-rosary-mysteries/>



Searmanas Cláraithe don gCéad Chomaoineach 2027

Scoil Naomh Gobnait, i Sp. N. Gobnait, Dé Domhnaigh, 11 Deireadh Fómhair ar a 9.00rn.

Scoil Naomh Eirc/Scoil Mhaolchádair: Sp na Carraige, Dé Sathairn, 17 Deireadh Fómhair ar a 7.30in.

Scoil an Fheirtéaraigh i Sp. N. Uinseann, Dé Domhnaigh, 18 Deireadh Fómhair ar a 10.00rn.

Féile Naomh Proinsias Assisi 1181-1226 (4 Deireadh Fómhair)

Cailleadh Naomh Proinsias Assisi 800 gcéad bliain ó shin um an dtaca seo.

Beidh ceiliúradh speisialta in Assisi don ócáid an deireadh seachtaine seo

Breis eolais: <https://www.youtube.com/watch?v=UT7yzGQp8MU>.

Thug sé cúl lena mhuintir. D'fhág sé a athair in éadóchas agus a mháthair faoi chumha, agus thug sé scannal do na comharsana. Ach ní raibh ansin ach tús na réabhlóide a leathfadh go himeallchríocha an domhain.

Bhunaigh sé ord. Ní raibh mainistir ar bith aige do na fir a cheangail leis.

Ba é an domhan mór a mhainistir, ba é an pobal a gcómhannaigh agus ba é teanga an phobail a labhair siad. Tar éis do na Froinsiasaigh (sean litriú) teacht go hÉirinn, mar shampla, chuaigh siad i bpáirt na ndaoine agus ba gheal leo teanga na tíre sa chaoi go rabhthas ag gearán fúthu chomh fada siar le 1285 'gur mhór acu an teanga Ghaeilge'. Mar thaca do ghníomhaíocht a oird chothaigh Froinsias spioradáltacht a bhí suairc simplí agus a tháinig den lúcháir agus den bhuíochas a d'airíodh sé féin. Adhradh, buíochas, grá saontacht an linbh i láthair a Athar neamhaí, b'shin iad na tréithe a bhí i spioradáltacht Froinsiasaigh Éireannacha ar fáil ón gceathrú haois déag anall.

Froinsias Odhrán Ó Duáin (as cló)

Obair an tSionaid

Bhí an 'Irish Synodal Pathway' ag obair ar cháipéis le tamall anuas agus tá sé foilsithe anois. Beifear ag vótáil ar na moltaí ag an dteacht le chéile a bheidh ag an Sionad Náisiúnta, ar an 17 Deireadh Fómhair. Is féidir an cáipéis seo a léamh agus do thuairimí a chur chun cinn ar <https://www.dioceseofkerry.ie/natsyn>.

Ollchruinniú do Phobal Halla na Feothanaí

De réir Bhunreacht an Halla, is gá toghchán a ghairm gach tríú bliain chun Coiste Bainistíochas nua a roghnú do Halla na Feothanaí. Beidh an tOllchruinniú san ar siúl sa halla ar an **Luan, 26 Deireadh Fómhair 2026 ar 8.00in**. Is iad na daoine atá i dteideal vótáil ná pobal Bheatha Shagart an Fheirtéaraigh (seachas iad san atá fós sa bhun/mheánscoil). Beidh ceathrar le roghnú an tráthnóna san. Glacfar le hainmniúcháin ag an ócáid sin. Is féidir le hiarbhaill an Choiste a n-ainmneacha a chur chun cinn arís. Más mian le haon duine go bpléifí rún ar leith, is féidir san a sheoladh ar aghaidh go dtí an Cathaoirleach seachtain roimh an gcruinniú agus rún chun an Bunreacht a leasú deich lá roimh ré. Ag an ócáid seo, tabharfaidh an Cathaoirleach cuntas ar obair an Choiste agus an Cisteoir cuntas ar chúrsaí airgid. Beidh fáilte roimh bhuir dtacaíocht.

Anam Cara

Is eagraíocht Anam Cara a thugann tacaíocht do dhaoine gur cailleadh leanbh leo. Beidh cruinniú acu, in **Óstán Meadowlands, Trá Lí, Dé Máirt, 13 Deireadh Fómhair ag 7.30in**. Beidh oíche eolais ar líne, Déardaoin, 15 Deireadh Fómhair ar a 7.00in, leis an aoichainteoir Breffni McGuinness. Clárú: <http://bit.ly/OctBIE>. Breis eolais ar 01 4045378 agus 085 288 8888 nó info@anamcara.ie.

Ciste an Pharóiste 20/09/2026 €580, 27/09/2026 €360

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –

IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D). Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana. Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhuir dtoil:

Fón: 066-9156131

r-phost: oifig@yahoo.ie

